Taighde Fócasghrúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN), 2004

Heileo!

Is grúpa taighdeoirí sinn ón Scoil Oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Is í Josepha Madigan TD an tAire don Oideachas Speisialta agus Ionchuimsiú, agus d'iarr sí orainn iniúchadh a dhéanamh ar an taithí a bhí ag páistí ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN), 2004. Úsáidfimid taighde fócasghrúpa chun seo a dhéanamh.

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) 2004 - tháinig sé isteach le cinntiú go mbeadh tacaíocht i scoileanna ag páistí agus daoine óga a raibh riachtanais speisialta oideachais acu.

Is mian linn a chloisteáil ó pháistí agus ó dhaoine óga faoin taithí atá acu ar Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN), 2004.

Taighde Fócasghrúpa

I bhfócasghrúpa tagann daoine le chéile agus roinneann siad a gcuid taithí agus smaointe faoi ábhar. Sa chás seo, is é an t-ábhar an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) 2004.

Fócasghrúpaí do pháistí agus do dhaoine óga (10 go 18 mbliana)

- Beidh 4 ghrúpa de 12 – 15 de pháistí agus de dhaoine óga
- Tiocfaidh 3 ghrúpa le chéile go pearsanta
- Tiocfaidh 1 ghrúpa le chéile ar line

- Déanfaimid taifeadadh ar ghníomhaíochtaí na bhfócasghrúpaí. Mar shampla, taifeadadh fuaime, glacadh nótaí, agus bileoga oibre.
- I gcás roinnt páistí nach mian leo páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpaí, seans go n-iarrfaimid orthu an pacáiste gníomhaíochta a chríochnú agus seolfaimid ar ais chucu é.

Cad é an chéad rud eile atá le déanamh?

Más mian leat páirt a ghlacadh, is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí r-phost a sheoladh chuig Foireann Taighde EPSEN COBÁC ag epsen@ucd.ie ag rá go bhfuil suim ag a bpáiste páirt a ghlacadh.

Cad a tharlaíonn ansin?

- Seolfaimid Bileog Eolais agus Bileog Toilithe do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí, agus Bileog Eolais do Pháistí. Tá níos mó eolais sna bileoga eolais faoin taighde seo.
- Iarrfaimid ar Thuismitheoir(í)/Chaomhnóir(í) an fhoirm toilithe a shíniú agus a chur ar ais.
- Cuirfidh Tusimitheoir(í)/Caomhnóir(í) níos mó eolais ar fáil faoina bpáiste ionas gur féidir linn rannpháirtithe a roghnú le haghaidh na bhfócasghrúpaí agus chun na pacáistí gníomhaíochta a chríochnú.
- Beidh cruinniú Eolais agus Toilithe againn ar líne le Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) agus lena bpáiste.

Seans go mbeidh suim ag níos mó daoine páirt a ghlacadh ná is féidir linn a chur san áireamh, mar sin, seans nach mbeimid in ann tú a roghnú le páirt a ghlacadh.

Ach, déanfaimid ár ndícheall le bheith cinnte le cur san áireamh an oiread sin tuairimí difriúla agus taithí difriúil agus is féidir.

Cad a dhéanfaimid leis an eolas a bhailimid?

Bainfimid úsáid as chun:

- Rannpháirtithe a roghnú
- Gníomhaíochtaí a dhearadh d'fhócasghrúpaí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas go léir agus tuarascáil a scríobh don Aire don Oideachas Speisialta agus Ionchuimsiú faoin taithí a bhí agat ar EPSEN.

Conas a chosnóimid do phríobhaidéacht?

- Ní féidir ach le Foireann Taighde EPSEN COBÁC teacht ar an eolas is féidir a aithint (mar shampla, ainm, aois, nó riachtanais speisialta oideachais).
- Ní bheidh an Roinn Oideachais ábalta teacht ar an eolas go dtí go scríostar an t-eolas is féidir a úsáid chun duine a aithint.
- Ní bheidh aon eolas a d'fhéadfaí a úsáid chun rannpháirtithe a aithint sa tuarascáil deiridh.
- An t-eolas go léir a bhailimid, tá sé faoi rún ach amháin má roinneann rannpháirtithe eolas linn a thaispeánann go bhfuil siad féin i mbaol nó go bhfuil duine a bhfuil aithne acu orthu i mbaol. Má tá páistí i mbaol, cuirfear tuairisc chuig TUSLA.

Buntáistí agus Rioscaí

Rannpháirtithe:

- Seans go mbainfidh siad sult as roinnt de na rudaí a tharlaíonn sa ghrúpa, nó seans go gcuirfidh siad isteach orthu.
- Seans go mbeidh orthu fad áirithe a thaisteal agus am a ghlacadh as a ngnáthlá.
- Seans go mbuailfidh siad le duine éigin a bhfuil aithne acu orthu.
- Seans go mbeidh seans acu labhairt faoin taithí atá acu ar EPSEN, 2004

Cad a tharlaíonn má shocraíonn páiste/duine óg páirt a ghlacadh agus ansin má athraíonn siad a n-intinn?

- Tá sé de cheart ag rannpháirtithe seo a dhéanamh ag aon am suas go dtí an lá agus le linn lá an fhócasghrúpa.
- Le linn an fhócasghrúpa, is féidir le rannpháirtithe cinneadh a dhéanamh cad iad na gníomhaíochtaí ar mhaith leo páirt a ghlacadh iontu.
- Má ghlac rannpháirtithe páirt i ngníomhaíocht, seans nach mbeimid in ann an méid atá déanta acu a bhaint.
- Más féidir é a bhaint, is féidir le rannpháirtithe r-phost a sheoladh chuig Foireann Taighde EPSEN COBÁC (epsen@ucd.ie) suas le dhá lá oibre tar éis chruinniú an fhócasghrúpa.

Aiseolas faoi na Torthaí Taighde

Seolfaidh Foireann Taighde COBÁC a dturascáil chuig an Roinn Oideachais. Déanfaidh an Roinn Oideachais tuarascáil níos mó agus

foilseoidh siad í ar https://www.gov.ie/en/consultation/e3842-epsen-review-consultation/ níos moille in 2024.